**Caingean arna tabhairt an 2 Márta 2022 – Grodno Azot agus Khimvolokno Plant v an Chomhairle**

**(Cás T-117/22)**

(2022/C 222/51)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Grodno Azot AAT (Grodno, an Bhealarúis) (ionadaithe: N. Tuominen agus L. Engelen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/2125 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ([1]), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2124 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha maidir leis an mBealarúis ([2]) (na Bearta atá faoi chonspóid) a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Chomhairle costais an iarratasóra don chaingean seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráid fhollasach measúnaithe tríd an iarratasóir a chur san áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Bearta atá faoi chonspóid. Eadhon, maíonn an t-iarratasóir go gcuirtear cúiseanna ar fáil leis na Bearta atá faoi chonspóid dá ainmniú atá gan údar, mícheart go fíorasach agus gan bhunús. Thairis sin, ní léiríonn na cúiseanna easpacha a chuirtear ar fáil nasc leorábhartha le raon feidhme na mbeart.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear nach sroichtear leis na Bearta atá faoi chonspóid an caighdeán cruthúnais is gá chun smachtbhannaí aonair a ghlacadh. Trí iarracht a dhéanamh leas a bhaint as bearta aonair chun an cuspóir a bhaint amach arb é gníomhaíochtaí gnó agus brabaigh fhiontar eachtrach faoi úinéireacht stáit a shrianadh é, chuir an Chomhairle beart de chineál neamhdhleathach i bhfeidhm.

([1]) IO L 430 I, lch. 16.
([2]) IO L 430 I, lch. 1.

**Caingean arna tabhairt an 30 Márta 2022 – Seifert v an Chomhairle**

**(Cás T-166/22)**

(2022/C 222/52)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Evgenia Seifert (München, an Ghearmáin) (ionadaí: T. Seifert, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagal 1(9) de Rialachán (AE) 2022/328 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine a chur ar neamhní;

— a ordú don Aontas Eorpach costais na n-imeachtaí, lena n-áirítear na costais a thabhaigh an t-iarratasóir de riachtanas, a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Maíonn an t-iarratasóir go ndéantar idirdhealú ina coinne le hAirteagal 1(9) de Rialachán (AE) 2022/328 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]) ar fhoras a tionscnaimh mar náisiúnach de chuid na Rúise agus, dá bhrí sin, go sáraítear Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint i gcomhar lena cearta de bhun Airteagal 8(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gComhairle brath ina leith sin ar éigeandáil de réir bhrí Airteagal 15(1) den Choinbhinsiún sin ná ar mhaolú de réir bhrí Airteagal 15(3) den Choinbhinsiún sin.

([1]) IO 2022 L 49, lch. 1.

**Caingean arna tabhairt an 4 Aibreán 2022 – Mellish v an Coimisiún**

**(Cás T-176/22)**

(2022/C 222/53)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Philip Mellish (Uccle, an Bheilg) (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— duillín tuarastail an iarratasóra ó mhí an Mheithimh 2021 agus an nóta ó Roinn Acmhainní Daonna an Choimisiúin an 14 Meitheamh 2021 á chur in iúl dó nach bhfaigheadh sé, tar éis Brexit, an chnapshuim chun costais taistil a aisíoc leis an áit tionscnaimh a thuilleadh ó 2021 i leith a neamhniú;

— cinneadh an 22 Nollaig 2021, lena ndiúltaítear do ghearán an 1 Meán Fómhair 2021, a neamhniú a mhéid a mheastar cúiseanna a chur leis an gcinneadh a chonspóidtear;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí ina líomhnaítear cur i bhfeidhm teileolaíoch agus éifeachtach Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin Foirne"), earráid dlí ag an lucht riaracháin, sárú ar Airteagal 7(4) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus go sáraíonn na forálacha ginearálta cur chun feidhme a bhaineann le háit tionscnaimh na Rialacháin Foirne.

2. An dara saincheist dlí ina líomhnaítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne agus an idirdhealaithe gan chúis, pléadáil neamhdhleathachta agus teip deireadh iomlán a chur le haisíocaíocht sa chás go gcailltear saoránacht.

3. An tríú saincheist dlí, mar mhalairt air sin, ina líomhnaítear, ar an gcéad dul síos, cur i bhfeidhm i gcomhréir leis an tsolúbthacht atá geallta ag an Aontas Eorpach maidir le léirmhíniú leathan na Rialachán Foirne i ndáil le náisiúnaigh na Breataine agus i gcomhréir leis na rialacha inmheánacha eile agus, ar an dara dul síos, sárú ar phrionsabal an chúitimh as staid an bhaill foirne mar dhuine easaoránach.